Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11561/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0164(NLE)

UD 260
COEST 196
WTO 230

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinniú an Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát de pháirt amháin, agus an tSeoirsia den pháirt eile, a bhaineann le hIarscríbhinn XIII (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) chuig an gComhaontú a nuashonrú<br>- Glacadh |

1. An 5 Lúnasa 2020, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi bhráid na Comhairle.

2. Ó tharla gan aon chruinniú ag an Meitheal um an Aontas Custaim de bharr na srianta taistil atá ann faoi láthair, rinne na toscaireachtaí scrúdú neamhfhoirmiúil ar an togra agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar síos in 11204/20 an 7 Deireadh Fómhair 2020.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhaingniú, agus
- a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 11387/20 agus in 11388/20 (arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.